

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

Fáilte go dtí eagrán 28 dár Nuachtlitir pobail. Fáilte speisialta roimh chuartheoirí agus tá súil againn go bhfuil sibh ag baint taitnimh as bhur gcuairt.

Beidh go leor imeachtaí ar bun i rith an tSamhraidh le freastal ar chuile aoisghrúpa. Eagrófar campaí samhraidh i gCeathrú Thaidhg agus i nGleann na Muaidhe i mí Iúil, áit a mbeidh imeachtaí siamsaíochta agus cultúrtha ar fáil do pháistí an cheantair (féach leathanach 4). Mar chuid de Sheachtain Oidhreachta Náisiúnta i mí Lúnasa eagrófar cur i láthair ar logainmneacha áitiúla, léachtaí ar sheandálaíocht Chill Chomáin agus ar shaothar an Athair Pól Uí hUiginn chomh maith le siúlóid dúlra (féach leathanach 5).

Welcome to edition 28 of our community Newsletter. We extend a special welcome to visitors to the area and hope you are enjoying your stay.

Various activities will be organized over the summer months to suit all age groups. Summer camps will be held in Ceathrú Thaidhg and in Glenamoy in July, to provide recreational and cultural activities for school children (see page 4). As part of National Heritage Week in August there will be a presentation on local placenames, talks on the archaeology of Cill Chomáin and the life and work of Ath. Pól Ó hUiginn, as well as a guided nature walk (further details on page 8). Other activities are outlined in the Scéalta Eile section of the newsletter. Tá súil againn go mbainfidh sibh sult astu.

* Nuachtlitir Áitiúil

* A Community Newsletter

* Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal

* Provides a voice for the local community and an update on development issues

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teagmhála / Contact	2
Cúram Leanaí / Childcare	3
Imeachtaí Óige / Youth Activities	4
Oidhreacht / Heritage Week	5
Maoiniú / BIM Funding Strategy	6
Scéalta Eile / Other News	7 . .

Foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo (i gcomhar le fo-choiste Ghlor na nGael)

Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn / The Management Committee

Cathaoirleach: Séamus Ó Murchú
Rúnaí: Seán Mac Aindriú
Cisteoir: Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile: Micheál Ó Seighin, Caitlín Uí Sheighin, Micheál Ó Murchú, Micheál de Búrca, agus Uinsíonn Mac Graith.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Dún Chaocháin Teo atá cláraithe le Clárlann na gCarachumann. Tá sé mar ráiteas misin aige oibriú go gníomhach ar shon forbairt theangeolaíochta/chultúrtha, bhonneagartha, oideachasúil agus shóisialta paróiste Chill Chomáin agus acmhainní nádúrtha agus daonna an cheantair a fhorbairt ar bhealach chomhtháite. Ag comhoibriú le Coiste Ghlór na nGael, grúpaí forbartha áitiúla agus eagraisí éagsúla stáit tá roinnt tograí curtha i gcrích go dáta.

Comhar Dún Chaocháin Teo is a community development co-operative which is registered with the Registry of Friendly Societies. Its mission is to work in a proactive way to promote the linguistic/cultural, infrastructural, educational and social development of the parish of Cill Chomáin and to develop in an integrated way the material and human resources of the area. Working in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, local development groups and various state agencies a number of projects have been undertaken to date.

Ionad Eolais / Information Office

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg áit a bhfuil na seirbhísí seo a leanas le fáil:-

Eolas agus comhairle do choistí pobail maidir le ról na n-eagras forbartha, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe &rl.

Foirmeacha iarratais ar scéimeanna éagsúla mar shampla deiseanna traenála &rl.

Seirbhísí cóipéala, laminating agus facs

Seirbhísí eolais do chuartheoirí - léarscáileanna, bróisiúirí, leabhráin, dlúthdhioscanna, cártaí poist, leabharlann d'ábhar béaloideas agus liteartha Gaeilge, taispeántas grianghraif &rl.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg where the following services are available:-

Information and assistance to community groups in relation to the role of development agencies, developing and managing projects, sourcing funding etc.

Application forms on various schemes including training opportunities etc.

Photocopying, laminating and fax services.

Visitor information including maps, brochures, booklets, CD ROMs, postcards, a library of folklore and Irish language material, photographs etc.

Guth an Phobail / Have Your Say

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais. Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information. We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next issue.

Déan teagmháil le Treasa Ní Ghearraigh, Comhar Dún Chaocháin Teo,
An tSeanscoil, Ceathrú Thaidhg, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Guthán: 097 88082 **Ríomhphoist:** dunchaochain1@eircom.net

An Clár Infheistíochta Náisiúnta Cúraim Leanaí / The National Childcare Investment Programme

Is seirbhísí réamhscoile trí Ghaeilge iad Naíonra Dhún Chaocháin, atá lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg (bunaithe i 1996), agus Naíonra Ghleann na Muaidhe atá lonnaithe in ionad tacaíochta teaghlaigh ag Bun Altaí i nGleann na Muaidhe (bunaithe i 2001) atá dá reachtáil ag an bpobal áitiúil.

Faigheann na seirbhísí seo airgeadú ón gClár Infheistíochta Náisiúnta Cúraim Leanaí, atá faoi chúram na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus atá maoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013. Faoin Scéim Fóirdheontas um Chúram Leanaí Pobail faigheann siad fóirdheontas a chuireann ar a gcumas táillí laghdaithe a thairiscint do thuismitheoirí atá faoi mhíbhuntáiste. Cuireann an Scéim um Chúram agus Oideachas Luath-Óige bliain réamhscoile saor in aisce ar fáil do pháistí a chomhlíonann coinníollacha na scéime. Is gá go mbeadh páistí idir 3 bl. agus 2 mhí agus 4 bl. 7 mhí ar an lú Meán Fómhair 2013 chun a chailiú don scéim don bhliain amach romhainn.

Naíonra Dhún Chaocháin, which is located in the Seanscoil in Ceathrú Thaidhg (set up in 1996), and Naíonra Ghleann na Muaidhe which operates from a special-purpose facility at Bun Altaí, Gleann na Muaidhe (established in 2001) are both community-run Irish language pre-school services.

These services main source of funding comes from the National Childcare Investment Programme which falls under the remit of The Department of Children and Youth Affairs and is funded by the Irish Government under the National Development Plan 2007-2013. Both services operate the Community Childcare Subvention Scheme (CCSS) and The Early Childhood Care and Education (ECCE) Scheme. The latter provides a free pre-school year for children who meet the required criteria. Children are eligible for ECCE for the forthcoming year if they are aged between 3 years 2 months and 4 years 7 months on 1st September 2013.



An Ghaeilge sa Luathoideachas

I mí Bealtaine agus Meitheamh rinne Pattie Standún, comhairleoir le Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo, cur i láthair sna Naíonraí ar an nGaeilge sa Luathoideachas (sealbhú agus buanú), córas an tumoideachais i bhfoghlaim na teanga, buntáistí an dátheangachas don pháiste óg agus ról an naíonra sna próiséis seo. Bhí an ócáid dírithe ar thuismitheoirí áitiúla a bhfuil páistí óga acu.

In May and June Pattie Standún, advisor with Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo, gave a presentation in the Naíonraí on the acquisition and preservation of the Irish language, the process of immersion in language learning,

the advantages of bi-lingualism for the young child and the role the Naíonra plays in these processes. The event was organised to provide information for local parents of young children.

Cláranna Ardchaighdeáin / Quality Programmes

I gcomhar le Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo agus Coiste Chúram Leanaí Chondae Mhaigh Eo, tá coistí na naíonraí ag obair ar chláranna ardchaighdeáin a chur i bhfeidhm chun seirbhís den scoth a sholáthar do pháistí agus thuismitheoirí an cheantair. Tá an clár súgartha LOINNIR, an plean teanga BORRADH agus na cláranna náisiúnta caighdeáin don luathoideachas SÍOLTA agus AISTEAR ina measc.

In conjunction with Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo and Mayo County Childcare Committee, the Naíonra committees endeavour to provide a quality service for children and their parents. The Quality Assurance Programme includes the play programme LOINNIR, the language plan BORRADH and the national quality frameworks for early childhood education SÍOLTA and AISTEAR.

Téarma 2013/14 / Term 2013/14

Beidh na Naíonraí ag ath-oscailt Dé Luain an 2ú Meán Fómhair. Tá breis eolais le fáil ó Chaitlín ag 097 88977 le haghaidh Naíonra Dhún Chaocháin agus ó Máire Cáit ag 097 88863 / 087 9714395 le haghaidh Naíonra Ghleann na Muaidhe.

The Naíonraí are re-opening on Monday 2nd September. For further information please contact Caitlín on 097 88977 for Naíonra Dhún Chaocháin and Máire Cáit on 097 88863 / 087 9714395 for Naíonra Ghleann na Muaidhe.

Imeachtaí Óige / Youth Activities

Campaí Samhraidh Iorrais / Summer Camps



Eagraíonn coiste Campaí Samhraidh Iorrais campaí samhraidh trí mheán na Gaeilge ar fud cheantar Iorrais le cuidiú airgeadú na Roinne Ealaíne, Oidhreacht agus Gaeltachta faoi Scéim na gCampaí Samhraidh sa Ghaeltacht. An aidhm atá leis na campaí ná páistí a spreagadh chun an Ghaeilge a labhairt agus dul i dtaithí ar í a úsáid lena chéile i dtimpeallacht thaitneamhach. Seachtain siamsaíochta, spraoi, agus scléip atá ann le himeachtaí mar spórt, ealaíon, ceardaíocht, damhsa traidisiúnta, amhránaíocht, cluichí boird agus barbeque. I mbliana, ag brath ar éileamh, eagrófar campaí ag na hionaid seo a leanas (déan nóta le'd thoil de na haoiseanna agus na dátaí):-



The committee of Campaí Samhraidh Iorrais organises summer camps through the medium of Irish throughout the Erris area with the assistance of funding it receives from The Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht under the scheme Scéim na gCampaí Samhraidh sa Ghaeltacht. The aim of the camps is to encourage children to speak Irish in an enjoyable environment. The week-long programme of activity includes sports, art, crafts, traditional dancing, singing, board games and a barbeque.

This year, pending sufficient demand, camps will be held at the following venues (please note the age groups and dates):-

Áras Inis Gluaire (6-12 years) 1^ú Iúil go 5^ú Iúil & 29^ú Iúil go 2^ú Lúnasa

Áras Inis Gluaire (3 - 6 years) - 15^ú go 19^ú Iúil

Gleann na Muaidhe (sa naíonra) (3 - 6 years) - 8^ú go 12^ú Iúil & 15^ú go 19^ú Iúil

Scoil Náisiúnta Ghleann an Chaisil (6-12 years) 15^ú go 19^ú Iúil

Eachléim (6-12 years) 29^ú Iúil go 2^ú Lúnasa & 19^ú go 23^ú Lúnasa

Eachléim (3 - 6 years) 15^ú go 19^ú Iúil & 6^ú go 10^ú Lúnasa

Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg (6-12 years) 22^ú go 26^ú Iúil & 6^ú go 10^ú Lúnasa

* Iúil / July : Lúnasa / August

Application forms and further information are available from:-

Treasa Ní Ghearraigh (Campaí Ceathrú Thaidhg) 097 88082 nó 087 1251642 dunchaochainl@eircom.net

Pam Ní Thaidhg (Campa Gleann an Chaisil) 097 81418 pnt@udaras.ie

Ian Mac Aindriú (Campaí Áras Inis Gluaire) 097 81079 i.macaindriu@arasinisgluaire.ie

Jacqui Uí Mhionacháin (Campaí na hEachléime) 097 85727 comhardeirbhile@eircom.net

Máire Cáit Uí Mhurchú (Campaí Gleann na Muaidhe) 097 87838 nó 087 9714395



Déanann An Comhairle Oidhreachta comhordú ar 'Seachtain Oidhreachta Náisiúnta' le tacaíocht ón Roinn Ealaíne, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus Fáilte Ireland. I mbliana beidh an t-imeacht ar siúl idir an 17ú agus 25ú Lúnasa agus é mar pháirt de mhórimheachtaí Laethanta Oidhreachta ar fud na hEorpa. Ó cheann ceann na tíre beidh daoine aonarach agus grúpaí ag eagrú imeachtaí éagsúla chun ár gcultúr agus ár n-oidhreacht shainiúil a cheiliúradh. Tá Comhar Dún Chaocháin Teo ag eagrú trí imeacht in ionad pobail na Seanscoile i gCeathrú Thaidhg i rith na seachtaine.

Ar Dé Luain, an 19ú Lúnasa, ag 8.00 i.n. déanfaidh Uinsíonn Mac Graith cur i láthair ar logainmneacha Dhún Chaocháin. Tré chóras grianghrafadóireachta nua gheobhfaidh tú léargas ar an gcaoi a dtugann na logainmneacha míniú do na gnéithe tíre agus ionad dóibh i saol an phobail.

Ansin Dé Máirt, an 20ú Lúnasa, ag 8.00 i.n. tabharfaidh an tAthair Éamon Ó Ruadhagháin caint ar shaol agus ar shaothar an Athair Pól Uí hUiginn, a rinne forbairt faoi leith ar chur chun cinn na Gaeilge.

Dé Céadaoin, an 21ú Lúnasa, ag 8.00 i.n. déanfaidh Diana Taylor cur i láthair ar ghnéithe de sheandálaíocht Chill Chomáin, a thabharfaidh léargas duit ar conas a mhair daoine 5000 bliain ó shin. Cuideoidh na sleamhnáin leat go leor de na hiarsmaí a aithint ar an talamh.

Eagrófar Siúlóid Dúlra ag Corrán Bú Dé hAoine, an 24ú Lúnasa, (ag brath ar an aimsir) le dearcadh ar shaol an chladaigh agus ar na plándaí saineiúla a fhásann ar na dumdha. Tiocfaidh an grúpa le chéile ag an Seanscoil ag 8.00 i.n. Moltar buataisí siúlóide agus éadaí uiscédhíonacha. Tá na himeachtaí seo uilig saor in aisce. Tá breis eolais le fáil ó Threasa ag 097 88082 nó 087 1251642 agus ar an suíomh idirlíne <http://www.heritageweek.ie>

National Heritage Week is coordinated by The Heritage Council with support from the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht and Fáilte Ireland, and is part of a wider event of European Heritage Days. This year it takes place between the 17th and 25th August. All over the country individuals and groups are organising various events to celebrate the diversity of our unique culture and heritage. Comhar Dún Chaocháin Teo is organising three events in the Seanscoil community centre in Ceathrú Thaidhg during the week.

On Monday, 19th August, at 8.00 p.m. Uinsíonn Mac Graith will give a presentation on the Irish placenames of Dún Chaocháin. Using a new photographic format you will discover how the names give meaning to features on the landscape.

On Tuesday, 20th August, at 8.00 p.m. Fr Eddie Rogan will give a talk on the eventful life of An t-Athair Pol Ó hUiginn, a pioneering priest whose historic contribution to the promotion of the Irish language and Irish society was considerable.

On Wednesday, 21st August, at 8.00 p.m. Diana Taylor will give a presentation on the archaeology of the parish of Cill Chomáin illustrating how our ancestors lived over 5000 years ago. Detailed slides will help you to identify some of the ancient monuments which are dotted on the landscape.

On Friday, 23rd August, (weather permitting) Séamus Ó Mongáin will lead a nature walk Siúlóid Dúlra at Corrán Bú describing the life forms which occupy the shoreline and the flora which is specially adapted to live and thrive on dune grassland. The meeting point is at the Seanscoil at 8.00 p.m. Suitable walking boots and rainwear are recommended.

All events are free of charge. For further information on any of the above please contact Treasa on 097 88082 or 087 1251642. You can also visit the website <http://www.heritageweek.ie>

Ag cruinniú eolais a bhí eagraithe in Óstan an Broadhaven Bay ar an 15ú Bealtaine bhí Kate Burns, Caitriona Ní Mhaoláin agus Olivia Cosgrove i láthair chun **Clár Maoinithe Iascaireachta na hEorpa Ais IV** a mhíniú. Clár nua é seo atá dírithe ar phobail ar feadh an chósta atá ag brath ar thionscal na hiascaireachta mar shlí bheatha.

Is iomaí dúshlán atá roimh úinéirí na mbád bheaga slí bheatha a bhaint amach ar an bhfarraige. Tá laghdú tagtha ar an iascaireacht agus ar na pobail a raibh traidisiún na hiascaireachta láidir iontu go dtí seo dá bharr. 'Sí an aidhm atá le clár nua BIM ná cuidiú leis na pobail iascaireachta deiseanna nua ioncaim a chruthú len a gcaighdeáin mhaireachtála a fheabhsú. Déanfar é seo tré dul i gcomhairle le daoine áitiúla, iad siúd a thuigeann na fadhbanna agus na riachtanais atá ag pobail iascaireachta. Déanfar iarracht deiseanna agus acmhainní a chur ar fáil dóibh le cuidiú leo fás agus forbairt sa saol eacnamaíochta, agus ag an am céanna, le cuidiú leo a n-oidhreacht agus a bhféiniúlacht a chosaint.

Faoi láthair tá straitéis dá ullmhú le haghaidh ceantracha ar feadh chósta Mhaigh Eo agus Sligeach chun tosaíochtaí i dtaobh maoiniú a aimsiú sa ceantracha seo. Beidh sé cosúil le straitéis LEADER ach go mbeidh béim speisialta ar na pobail iascaireachta agus ar imeachtaí a fhorbraíonn agus a dhéanann ceiliúradh ar acmhainní mara.

Clúdaíonn an straitéis reatha an tréimhse 2013-2015 amháin agus níl ach buiséad teoranta le fáil don réigiún. Táthar ag siúl, áfach, go mbeidh buiséad agus tacaíocht níos substaintiúla le fáil sna cláranna maoinithe amach anseo. Beidh sé tabhachtach luach an chláir reatha a thaispeáint, agus a bheith inann a chruthú go gcuidíonn sé le pobail iascaireachta ach go háirithe, agus go gcuireann sé le luach chláranna eile cosúil leis an gClár Forbartha Pobail.

I 2013 beidh BIM ag iarraidh moltaí faoin gclár, i gcomhtheacs na straitéise atá dá ullmhú. D'fhéadfadh leis an gclár maoiniú a chur ar fáil faoi na cinnteidil seo a leanas:-

- Forbairt ar bhonneagar iascaireachta agus turasóireachta ar scála beag, mar shampla, feabhsú áiseanna céibhe, athchóiriú ar stóranna leac oighir le feidhmiú mar oifigí turasóireachta, siopaí caife arl.
- Malartú scileanna, mar shampla, traenáil agus foghlaim scileanna nua (b'féidir i gcás iar-iascairí)
- Slite bheatha nua a fhorbhairt, mar shampla, turasóireacht mara
- Bia na mara a chur chun cinn tré, mar shampla, féiltí bia mara, comórtais sna scoileanna arl.
- Ag cur breis luach ar an iascaireacht, mar shampla, tacú le forbairt táirgí mara, brandáil réigiúnach a fhorbairt arl.

Tugtar cuireadh do na pobail agus daoine aonarach a bhfuil cónaí orthu lastigh de 10 km. ón gcósta, agus a bhfuil ceangal acu le slí bheatha na hiascaireachta, moltaí a chur isteach agus a gcuid tuairimí agus smaointí a nochtadh.

Déan teagmháil le Kate Burns ag 087 1148078 nó ar an ríomhphost ag kateburnsconsulting@gmail.com

If you are a fisherman, or are interested in becoming involved in marine tourism or other sea-related activities you may find the following of interest.

At an information meeting in the Broadhaven Bay Hotel on 15th May, Kate Burns, Caitriona Ní Mhaoláin and Olivia Cosgrove were in attendance to explain a new funding programme that is being rolled out for fishing communities along the coast called **The European Fisheries Fund Axis IV Programme for Fishing Dependent Communities.**

The challenges for the small boat fleet to remain viable, and the resulting reduction in fishing activity, have impacted negatively on the communities for whom fishing is a way of life. The purpose of a new BIM Programme is to enable fishing communities to create new and sustainable sources of income and to improve their quality of life. It does this by empowering local people, those who best understand both the problems and the aspirations of fisheries communities, in particular by providing them with the tools and

resources to develop and adapt. The goal is to provide opportunities for the affected communities to reshape their economic future, while retaining as much as possible of their heritage, values and identity as 'fishing communities'.

A strategy is being prepared for the coastal areas of Mayo and Sligo which will identify priorities for spend in these areas. It will be similar to a LEADER strategy, except with a very specific focus on fishing communities and activities that celebrate and build linkages to the sea and marine resources.

The current strategy is solely for the period 2013-2015 with a very modest budget allocated for the region. It is likely, however, that more substantial support will be forthcoming in future programmes and it will be important to demonstrate the value of this initiative and to prove it can target fishing communities in a very specific way, as well as add value and complement other initiatives such as the Rural Development Programme.

In 2013 BIM will make calls for proposals under the programme, in accordance with the strategy that has been prepared. The programme could fund projects under the following headings:-

- Small fisheries and tourism infrastructure development, for example, improvements to port facilities such as, converting old ice plants/stores into tourist amenities, coffee shops etc.
- Skills transfer, for example, training and up-skilling (perhaps to crewmen of vessels which have ceased fishing)
- Diversification, for example, developing Marine Tourism
- Promoting the consumption of seafood, for example, organizing seafood festivals, schools competitions etc.
- Adding value to fisheries, for example, supporting the development of artisan products, establishing regional branding etc.

Communities and individuals living within 10 kilometres of the coast, who have a connection with the coastal and fishing livelihood, are invited to make submissions and express their views and ideas.

Contact: Kate Burns 087 1148078 or e-mail kateburnsconsulting@gmail.com

Scéalta Eile / Other News



Logainmneacha agus Oidhreacht Dhún Chaocháin

Ar chuireadh ón múinteoir Danielle Ní Cheafarcaigh rinne Uinsíonn Mac Graith cur i láthair ar 'Logainmneacha agus Oidhreacht Dhún Chaocháin' i gColáiste Chomáin, Ros Dumhach ar an 30ú Aibreán os comhair daltaí na ceathrú bliana agus na hidir-bhlíana. Sa ghrianghraf (ar chúl ó chlé) tá: Gary Ó Rudaigh, Seán Ó Leineacháin, Kyle Ó Gallchóir, Darren Ó Cuimlín, Callum Bashford, Amy Ní Neachtain, Aoife Ní Ghearbháin, Michelle Ní Ghearbháin agus an Leas-Phríomhoide

Ciarán Ó Máille. Chun tosaigh (ó chlé) tá: Rian Mac Graith, Shane Ó Móráin, Emer Ní Dhomhnaill, Tracy Ní Mhóráin, Shauna Ní Sheibhleáin, Sinéad Ní Ghearbháin agus, sa lár, Uinsíonn Mac Graith.



Comórtas Náisiúnta Ghlor na nGael

Is comórtas náisiúnta é Glór na nGael a bhfuil sé mar phríomhaidhm aige teanga agus cultúr na Gaeilge a fhorbairt agus a chaomhnú. Bronnadh Bonn Airgid ar Choiste Ghlor na nGael Ceathrú Thaidhg - Dún Chaocháin mar aitheantas ar an obair leanúnach atá déanta aige sa réimse seo. Ag an mbronnadh sa Seanscoil tá (ar chúl ó chlé) Micheál Ó Seighin, Seán Mac Aindriú, Uinsíonn Mac Graith agus Micheál de Búrca. Ina suí chun tosaigh tá (ó chlé) Treasa Ní Ghearraigh, Séamus Ó Murchú

(Cathaoirleach), Eoin Mac Cormaic ó Ghlor na nGael, Micheál Ó Murchú agus Caitlín Uí Sheighin.

Glór na nGael Teo is a national organisation which focuses on the development and preservation of the Irish language and culture. In recognition of its ongoing efforts to meet these aims Coiste Ghlor na nGael Ceathrú Thaidhg - Dún Chaocháin was presented with a Silver Medal by Eoin Mac Cormaic in the Seanscoil.

An Clár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail / Local and Community Development Programme



Tá Oirthuaisceart Mhaigh Eo ag soláthar an Chláir um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail (CFÁP) i gceantar Iorrais faoi láthair. Cuirtear tacaíocht ar fáil faoin gclár seo do Chuardaitheoirí Poist, d'Fhiontar (fiontair phobail san áireamh) chomh maith le grúpaí pobail a théann i ngleic le míbhuntáiste agus le h-eisiamh sóisialta. I measc na dtacaíochtaí atá ar fáil tá comhairle, teorú, oiliúint agus

meantóireacht. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gclár agus faoi na tacaíochtaí atá ar fáil déan teagmháil le Niamh ar 087-6662340 nó Anne ar 087-9731573. Tá an CFÁP á mhaoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Mayo North East is currently delivering the Local and Community Development Programme (LCDP) in the Erris region. Through the programme support is available for Job Seekers, Enterprise (including Community Enterprises) as well as community groups that have a focus on tackling issues of disadvantage and social exclusion. The supports include advice, guidance, training and mentoring. To find out more about the programme and supports available please contact Niamh on 087-6662340 or Anne on 087-9731573. The LCDP is financed by the Department of Environment, Community and Local Government.

Tacaíocht d'Fhiontair / Support for Starting Your Own Business

An bhfuil smaoineamh agat le haghaidh gnó nó an bhfuil sé ar intinn agat do ghnó féin a bhunú? An gcuideodh sé leat do smaoineamh a phlé le duine éigin chun comhairle a fháil maidir leis na céimeanna atá le tógáil lena fhorbairt? Dá gcuideodh, is féidir le hOirthuaisceart Mhaigh Eo meantóireacht duine ar dhuine a sholáthar, chomh maith le hoiliúint, chun cuidiú leat do ghnó a bhunú. Tá an tseirbhís seo, atá curtha ar fáil ag Oirthuaisceart Mhaigh Eo i gceantar Iorrais, faoi rún agus saor in aisce do Chuardaitheoirí Poist. Faigheann an tionscadal seo tacaíocht faoin gClár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail, atá maoinithe ag an Roinn Chomhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Má theastaíonn tuilleadh eolais uait cuir glaoch ar Anne ag 087-9731573.

Do you have an idea for a business or are you thinking about starting your own business? Would it help to talk through your idea and get some advice on the steps that are needed to move it forward? If so, Mayo North East can provide one to one mentoring support as well as training to help you establish your business.

This service, which is provided by Mayo North East in the Erris region, is confidential and free to Job Seekers. It is supported by the Local and Community Development Programme which is financed by the Department of Environment, Community and Local Government.

For further information please contact Anne on 087-9731573 or contact Mayo North East 094-9256745 Email: info@mayonortheast.com Web: www.mayonortheast.com

Táirgeadh Bia / Food Production

Níos mó ná riamh tá daoine ag léiriú spéise i gcúrsaí bia – an caighdeán, an fhoinse, an méid míle a thaisteal sé agus an chaoi ar táirgeadh é. Tugann sé seo deis do dhaoine áitiúla dul i mbun táirgthe, agus seans do chaiteoirí bia atá caighdeánach agus follasach a cheannacht. Má tá smaoinéadh agat i dtaobh táirgthe bhia, ar mhaith leat a fhorbairt, tá cúnamh le fáil mar shampla le haghaidh staidear féidearthachta, deontais thosaithe, comhairle agus oiliúnt arl.

There is a growing awareness among consumers in relation to food quality, origin, distance travelled and seasonality. This provides an opportunity for local producers to develop new food initiatives and offers consumers the opportunity to purchase quality and transparent produce. If you have a food production idea, that you would like to develop further, help is at hand in the form of feasibility studies, start up grants, advice and training etc.

Contacts / Daoine Teagmhála

Meadhb Seoighe, Údarás na Gaeltachta, 091 503141 or 087 2077487 meadbh.seoighe@udaras.ie
www.udaras.ie

Anne Finn, Mayo North East, 087-9731573 info@mayonortheast.com

Michael Hosey, The Food Technology Centre, St. Angela's College, Lough Gill, Co. Sligo.
071 9150734 mhosey@stangelas.nuigalway.ie

Bun-ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí / Beginner's Irish Language Classes for Parents

Tá Comhar Dún Chaocháin Teo, i gcomhar le Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg, ag eagrú ranganna Gaeilge do thuismitheoirí sa Seanscoil ag tosnú ar an 1ú Deireadh Fómhair, óna 7.00 go 8.30 i.n. Bun rang atá i gceist le béim ar an nGaeilge labhartha agus na focail choitianta a úsáidtear sa ghnáthchaint. De réir a chéile cuirfidh an cúrsa le do mhuintín i dtuiscint agus i labhairt na teanga agus tá súil againn go gcabhroidh sé le tuismitheoirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar an naíonra nó ag an mbunscoil. Tá an cúrsa seo páirt-mhaoinithe faoin gclár DEIS.

Comhar Dún Chaocháin Teo, in co-operation with Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg, will be organizing Irish language classes for parents in the Seanscoil commencing on 1st October, from 7.00 to 8.30 p.m. This is a course for Beginners, with an emphasis on spoken Irish and common phrases used in everyday conversation. It will add to your confidence in understanding and speaking the language, and it is hoped it will assist parents whose children are attending the naíonra or primary school. This course is part-funded under the DEIS programme.

Cúrsa Ríomhaireachta / Computer Course

Tá sé beartaithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo, i gcomhar le hOirthuaisceart Mhaigh Eo, cúrsa ríomhaireachta a eagrú ag tosnú i mí Meán Fómhair. Tá an cúrsa, a bhfuil cáilíocht FETAC ceangailte leis, dírithe ar Chuardaitheoirí Poist, daoine atá dí-fhostaithe go fad-théarmach, feirmeoirí agus iascairí atá ag fáil Cúnamh Feirme arl. Tá tuilleadh eolais le fáil ó Threasa ag 097 88082 nó 087 1251642.

Comhar Dún Chaocháin Teo, in association with Mayo North East, intends to organize a computer course which will commence in September. The course, which is FETAC accredited, is targeted at Jobseekers, those who are long-term unemployment, farmers and fishermen in receipt of Farm Assist etc. For further information please contact Treasa on 097 88082 or 087 1251642.



The Binn Bhuí (Benwee) Head Loop



THE BINN BHUÍ HEAD LOOP (PURPLE ARROWS)

Trailhead: The Seanscoil, Ceathrú Thaidhg
 Distance: 12.4 km
 Ascent: 383 metres
 Estimated Time: 5 hours
 Grade: Hard to Difficult
 Map Reference: OS Discovery Series Sheets 22 and 23
 Grid Reference: F821 420
 Services: Ceathrú Thaidhg
 Terrain: Laneways, coastal/cliff, bog roads
 To Suit: Good levels of fitness
 Minimum Gear: Walking boots, raingear, snack and fluids
 Waymarkers: The walls are waymarked using black posts, about 1 metre high, with a direction of travel arrow (green, blue, red and purple).

LEAVE NO TRACE
Principles of Outdoor Ethics

Please adhere to this code in any trips to the outdoors

1. Plan ahead and prepare
2. Dispose of waste properly
3. Leave what you find
4. Respect wildlife and farm stock
5. Be considerate of others
7. Minimise the effects of fire

In the event of an emergency please call 999

Lúb na Binne Buí / The Binn Bhuí Head Loop

Mar chuid de phlean forbartha Chill Chomáin, agus le cabhair ó Chomhairle Chondae Mhaigh Eo agus Fáilte Ireland, clárófar an tsiúlóid Lúb na Binne Buí mar shiúlóid aitheanta. Tá go leor obair déanta ag rannphairtíthe Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin mar shampla cuireadh suas treoirmharcanna agus comharthaí, cuireadh droichead coise thar an bhFiodán Mór, agus rinneadh oibreacha eile sábháilteachta. Ceanglóidh an tsiúlóid isteach le siúlóidí Cheathrú Thaidhg (Siúlóid na Trá, Siúlóid Chlann Lir agus Siúlóid an Chlaí Dhuibh) atá ag mealladh chuairteoirí isteach sa gceantar le cúpla bliain anuas.

Déanfaidh Uinsíonn Mac Graith treorú ar chuid den tsiúlóid Dé Sathairn, an 27ú Iúil, ag tosnú amach ag 11.00 r.n. Tiocfaidh an grúpa le chéile ag Céibh Phort a' Chlóidh. Moltar buataisí siúlóide agus éadaí uisceadhíonacha.

As part of the development plan for the parish of Cill Chomáin, and with the assistance of Mayo County Council and Fáilte Ireland, the walk known as The Binn Bhuí Head Loop will be registered as a recognised walk. Various development works such as the erection of waymarkers and signage, the installation of a footbridge at Fiodán Mór, and other safety measures have been carried out by participants on the Cill Chomáin Rural Social Scheme. This walk will link in with the existing Ceathrú Thaidhg walks (Siúlóid na Trá, Siúlóid Chlann Lir and Siúlóid an Chlaí Dhuibh) which have been enticing visitors to the area for some years now.

Uinsíonn Mac Graith will lead a walk on a section of the route on Saturday, 27th July, starting at 11.00 a.m. The meeting point is at Port a' Chlóidh pier. Suitable footwear and clothing are recommended.

